



C/2024/1346

6.2.2024

**Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2024/1346)

Lena fhoilsíú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Bursa Şeftalisi'**

**Uimh. AE: PDO-TR-02887 — 5.1.2023**

ATFC (x) TGFC ( )

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Bursa Şeftalisi'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Tagraíonn an t-ainm 'Bursa Şeftalisi' do thorthaí úra chineálacha 'J.H. Hale' agus 'Glohaven' de speiceas *Prunus persica* L. Bíonn clocha scaoilte sa dá shaothróg ag a bhfuil craiceann buí deargtha agus bia buí atá milis súmhar. Bíonn torthaí shaothróg J.H.Hale meánmhéide, clúmhach teann agus milis súmhar. Bíonn torthaí shaothróg Glohaven meánmhéide, beagán clúmhach agus measartha teann.

Nuair a chuirtear an toradh ar an margadh, bíonn na saintréithe seo a leanas ann:

		J.H. Hale	Glohaven
Dath an Chraicinn	L	60,00 - 70,00	45,00 - 65,00
	a	20,00 - 30,00	30,00 - 40,00
	b	40,00 - 50,00	25,00 - 45,00
Dath an Bhia	L	70,00 - 80,00	75,00 - 80,00
	a	10,00 - 20,00	14,50 - 20,50
	b	55,00 - 60,00	55,00 - 65,00
Teinne (kg/cm <sup>2</sup> )		5,00 - 7,00	0,80 - 2,50
An líon torthaí in 1 kg		3,00 - 3,50	3,50 - 4,50
Brix (%)		11,00 - 14,00	10,00 - 13,00
pH		3,50 - 3,65	3,50 - 3,70

(1) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim i dtáirgeadh 'Bursa Şeftalisi' a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe, ó chur go buaint.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláráithe*

Déanfar 'Bursa Şeftalisi' a phacáil i dtráidirí nó boscaí cairtchláir nó adhmaid le haghaidh tomhaltóirí deiridh. Ní mór é a phacáistiú i sraith amháin agus ní mór na péitseoga aonair a dheighilt ó chéile le hábhar cosanta. Tá toirmeasc ar aon earra pacáistíochta plaisteach a úsáid.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláráithe*

Ní mór ainm 'Bursa Şeftalisi' a bheith ar lipéid na bpacáistí i gclómhéid chomh mór leis na litreacha eile is mó ar an lipéad ar a laghad, agus ní mór 'Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint' a bheith gar don ainm mar aon leis an uimhir luchtóige.

Na táirgeoirí agus na próiseálaithe uile a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa tsonraíocht, beidh rochtain acu ar na lógónna sonracha thíos lena sainaithnítear an táirge.



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar geografach teorannaithe chun 'Bursa Şeftalisi' a tháirgeadh suite i sráidbhailte cheantair chúige Bursa a liostaítear thíos.

Ceantar Gürsu: Merkez, Adaköy, Cambazlar, İğdir, Karahıdır, Kazıklı

Ceantar İnegöl: Merkez, Akhisar, Akıncılar, Alanyurt, Alibey, Bilalköy, Boğazköy, Cerrah, Çavuşköy, Çeltikçi, Çitli, Deydinler, Dipsizgöl, Edebey, Eymir, Hamamlı, Hamzabey, Hasanpaşa, Hocaköy, İsaören, Karagölet, Karalar, Kınık, Kozluca, Kulaca, Kurşunlu, Küçükyenice, Ortaköy, Özlüce, Sungurpaşa, Süpürtü, Şipali, Tokuş, Yeniceköy, Yiğit

Ceantar İznik: Boyalıca

Ceantar Kestel: Merkez, Aksu, Barakfaki, Çataltepe, Dudaklı, Erdoğan, Gölbaşı, Gölcük, Gözede, Kozluören, Narlıdere, Serme, Seymen, Soguksu, Turanköy, Yağmurlu

Ceantar Nilüfer: Merkez, Çalı, Kayapa, Tahtalı, Yaylacık

Ceantar Orhangazi: Akharem, Çakırlı, Dutluca, Gedelek, Gemiç, Gölyaka, Gürle, Heceler, Keramet, Orhangazi, Sölöz, Üreğil, Yenigürle, Yenisölöz

Ceantar Osmangazi: Merkez, Çağlayan, Demirtaş, Ovaakça

Ceantar Yenişehir: Merkez, Afşar, Akdere, Alaylı, Barcın, Burcun, Cihadiye, Çamönü, Çardak, Çayırılı, Çelebi, Demirboğa, Dereköy, Ebeköy, Fethiye, Günece, Hayriye, İncirli, Karabahadır, Karacaahmet, Karacaali, Karaköy, Karasıl, Kavaklı, Koyunhisar, Kozdere, Köprülühisar, Mahmudiye, Marmaracık, Menteşe, Osmaniye, Papatya, Selimiye, Söylemiş, Subaşı, Toprakdere, Toprakocak, Yeniköy, Yolören

Ceantar Yıldırım: Merkez

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an ráta ithreacha gláracha in Bursa i bhfad níos airde ná mar atá i gcúigí eile ina bhfástar péitseoga. Is é 11,6 % an cóimheas ithreach gláraí in Bursa, rud a chruthaíonn timpeallacht idéalach do shaothrú péitseog. Toisc thábhachtach is ea an ghaoth a dhéanann difear do cháilíocht na bpéitseog. Cruthaíonn an timpeallacht chósta, locha agus sléibhe dálaí oiriúnacha do shaothrú péitseog. Is iad na gaotha anoir aduaidh, anoir aneas agus anoir anoir aduaidh in Bursa

na gnáthghaotha sna ceantair a bhfuil táirgeadh ar ardchaighdeán iontu. Is é 10 mph agus níos ísle an t-uasluas gaoithe a mholtar sa limistéar táirgthe chun péitseog shláintiúil ar ardchaighdeán a shaothrú. Tá Bursa éagsúil le cúigí eile ó thaobh struchtúr ithreach agus dálaí aeráide ginearálta de, agus go háirithe ó thaobh luas na gaoithe de. Nuair a chuirtear Bursa i gcomparáid le cúigí eile, tá gaoth níos éadroime (níos ísle ná 10 mph) sa limistéar saothraithe, i.e. Bursa, de thairbhe éifeacht Shliabh Uludağ in aice láimhe.

Tá cineálacha Bursa Şeftalisi (J.H Hale agus Glohaven) éagsúil ó thaobh méide, datha, milseachta agus súmhaireachta de, mar aon le deighilt na síolta ón mbia, i gcomparáid le torthaí na gcineálacha céanna a fhástar i réigiúin eile mar gheall ar ithir agus dálaí aeráide chúige Bursa. Déanann leibhéal pH (idir 6-7), struchtúr ithreach gláraí (scagthach, créúil, gainmheach, méarógach, domhain agus mearthéite) agus cion mianraí (go háirithe nítrigin) chúige Bursa difear d'fhás na gcrann, rud a imríonn tionchar ar mhéid agus ar dhath phéitseoga chineálacha J.H Hale agus Glohaven. Is é 707,5 mm an mheánfhrasaíocht bhliantúil in Bursa, tá an fhrasaíocht réamhbhuainte tábhachtach go háirithe i dtéarmaí foirmiú síolta agus greamaitheacht an tsíl leis an toradh. Bíonn tionchar ag cleachtais táirgthe tháirgeoirí Bursa ar cháilíocht na bpéitseog. Déantar prúnáil de réir an mhodha ar a dtugtar 'díchnámhú éisc' go háitiúil agus is éard atá i gceist leis na brainsí triomaithe, damáistithe agus galraithe a bhaint, chun treá solais a mhéadú agus nochtadh leordhóthanach do sholas na gréine a sholáthar do na torthaí. Déanann an phrúnáil crutha 'díchnámhú éisc' mar aon le héifeacht na hithreach difear do dhath na bpéitseog. Déantar éadlúthú de láimh agus leis an bhfeidhmiú sin soláthraítear foirmiú torthaí meánmhéide. Is iad cleachtais leasúcháin na dtáirgeoirí is cúis le táirgeadh torthaí milse agus súmhara. Fágann úsáid Erekeke (ainm áitiúil ar an gcrann péitseog neamhbheangaithe) sa phailniú go bhfuil sé níos éasca na péitseoga a scaradh óna síolta. Is leor 10 'erekeke' a chur in aghaidh an heicteáir chun sraith torthaí níos fearr a fháil.

#### Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

—

—————